



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Samhain 2021
(OR. en)

14379/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0373(CNS)**

**AG 110
INST 423
FREMP 277**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	25 Samhain 2021
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2021) 733 final
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos socruithe mionsonraithe maidir le feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhargasacha ag saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (athmhúnlú)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 733 final.

Faoi iamh: COM(2021) 733 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.11.2021
COM(2021) 733 final

2021/0373 (CNS)

Togra le haghaidh

TREOIR ÓN gCOMHAIRLE

lena leagtar síos socruithe mionsonraithe maidir le feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhargasacha ag saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (athmhúnlú)

{SEC(2021) 576 final} - {SWD(2021) 357 final} - {SWD(2021) 358 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Tá an daonlathas ar cheann de na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe. Tá sé de cheart ag gach saoránach a bheith rannpháirteach i saol daonlathach an Aontais agus is ar bhealach chomh trédhearcach agus chomh gar agus is féidir don saoránach a bheidh na cinntí. Bíonn cearta daonlathacha ar leith i gceist le saoránacht an Aontais. Saoránaigh den Aontas a d'fheidhmigh a gceart chun cónaí, obair, staidéar nó taighde a dhéanamh i mBallstát nach náisiúnach dá chuid iad ('saoránaigh shoghluaiste den Aontas') tá sé de cheart acu vóta a chaitheamh agus seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhargasacha ina mBallstát cónaithe.

I dTreoir 94/80/CE ón gComhairle leagtar síos na socrúithe mionsonraithe maidir le feidhmiú a gceart toghchánach i dtoghcháin bhargasacha ina mBallstát cónaithe.

I dTuarascáil 2020 ar Shaoránacht an Aontais¹, chuir an Coimisiún in iúl go raibh sé ar intinn aige nuashonrú ar Threoir 94/80/CE ón gComhairle a mholadh maidir leis an gceart atá ag saoránaigh shoghluaiste den Aontas chun vótáil agus seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhargasacha. Is é an phríomhaidhm, an soláthar faisnéise do shaoránaigh a éascú agus na forálacha san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir ón gComhairle atá as dáta agus atá imithe i léig a thabhairt cothrom le dáta. I gClár Oibre an Choimisiúin do 2021, fógraíodh tionscnamh reachtach chun na cearta toghchánacha atá ag saoránaigh shoghluaiste den Aontas a fheabhsú.

D'ainneoin na mbeart atá i bhfeidhm faoi láthair, tá deacrachtaí fós ag saoránaigh shoghluaiste den Aontas a gcearta toghchánacha a fheidhmiú i dtoghcháin do bhargasacha. I measc na bhfadhbanna atá ag saoránaigh shoghluaiste den Aontas, tá deacrachtaí maidir le faisnéis cheart a fháil faoin mbealach a gcearta toghchánacha a fheidhmiú, próisis troma clárúcháin, agus an éifeacht a bhaineann le díchlárú ó thoghcháin sa Bhallstát tionscnaimh. Is gá Iarscríbhinn na Treorach a athbhreithniú mar gheall ar athruithe sna 'bunaoid rialtais áitiúla' i mBallstáit áirithe agus mar gheall ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

Tugann an tionscnamh seo aghaidh ar na deacrachtaí a tugadh faoi deara maidir le cearta toghchánacha a bheith á bhfeidhmiú ag saoránaigh shoghluaiste den Aontas. Déanann sé nuashonrú, soiléiriú agus neartú ar na rialacha lena áirithiú go dtacaíonn na rialacha le rannpháirtíocht leathan agus chuimsitheach saoránach shoghluaiste den Aontas i dtoghcháin bhargasacha sa Bhallstát cónaithe.

Cuireann an togra seo le malartuithe seanbhunaithe rialta le húdaráis inniúla na mBallstát trí ghrúpa cur chun feidhme tiomnaithe an Choimisiúin don treoir, tríd an sainghrúpa maidir le cúrsaí toghcháin, agus dhá chruinniú bhreise de chuid an líonra ildisciplíneach Eorpach um chomhar maidir le toghcháin agus an ghrúpa saineolaithe ar chúrsaí toghcháin.

Is tionscnamh é seo faoin gclár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT).

¹ COM/2020/730 final, <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52020DC0730>

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá dlúthbhaint ag an togra leis an togra chun Treoir 93/109/CE ón gComhairle an 6 Nollaig 1993² a athmhúnlú agus leis an obair atá á déanamh ar thionscnaimh eile sa phacáiste trédhearcachta agus daonlathais i gClár Oibre an Choimisiúin³.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Áirithítear leis an togra comhsheasmhacht le Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le Tairseach Aonair Dhigiteach⁴ i ndáil le rochtain ar fhaisnéis ardcháilíochta le haghaidh saoránach a mhéid a bhaineann le rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le saoránaigh atá ag feidhmiú a gceart, nó a bhfuil rún acu na cearta sin a fheidhmiú, cearta atá díorthaithe ó dhlí an Aontais i réimse an mhargaidh inmheánaigh, agus comhsheasmhacht leis an straitéis ‘Aontas Comhionannais: Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030’⁵ lena bhféachtar le cearta polaitiúla a ráthú do dhaoine faoi mhíchumas ar bhonn comhionann le daoine eile⁶. Comhlánaíonn sé freisin beartais eile de chuid an Aontais a bhaineann leis an daonlathas agus leis an saol digiteach⁷. Trí rochtain chomhionann ar réitigh vótála leictreonacha nó ar líne a lorg do shaoránaigh shoghluaiste den Aontas, tá sé d’aidhm ag an togra cosaint níos fearr a thabhairt dá gcearta bunúsacha, agus cuireann sé feabhas ar an rannpháirtíocht dhaonlathach sa tsochaí i gcoitinne. Tá an tionscnamh comhsheasmhach le reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint sonraí.

2. **BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT**

- **Bunús dlí**

Bunaítear saoránacht an Aontais le hAirteagal 20 CFAE. Foráiltear le hAirteagal 20(2)(b) agus le hAirteagal 22(1) CFAE agus le hAirteagal 40 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh go bhfuil an ceart ag saoránaigh den Aontas chun vótáil agus seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin bhargasacha ina mBallstát cónaithe, faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Stáit sin. Foráiltear le hAirteagal 22 CFAE go mbeidh feidhmiú an chirt sin faoi réir socruithe mionsonraithe arna nglacadh ag an gComhairle, ag gníomhú di d’aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Is cuid de na cearta a bhaineann le stádas saoránachta an Aontais, a chumhdaítear i gCuid a Dó den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, an ceart atá ag saoránaigh shoghluaiste den Aontas chun vótáil agus seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin bhargasacha ina mBallstát cónaithe. Foráiltear go sainráite in Airteagal 22(1) den Chonradh go ndéanfaidh an Chomhairle socruithe mionsonraithe a leagan síos chun feidhmiú éifeachtach an chirt sin a

² Treoir 93/109/CE ón gComhairle an 6 Nollaig 1993 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú cheart shaoránaigh an Aontais chun vótála agus chun bheith ina n-iarrthóirí i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa, ar saoránaigh iad a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad.

³ https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/2021_commission_work_programme_annexes_en.pdf

⁴ [EUR-Lex - 32018R1724 - EN - EUR-Lex \(europa.eu\).](https://eur-lex.europa.eu/eur-lex-content/EN/legislation/summary/?uri=CELEX:32018R1724-EN-20200101-01&act=direct&date=20181220)

⁵ [EUR-Lex - 52021DC0101 - EN - EUR-Lex \(europa.eu\).](https://eur-lex.europa.eu/eur-lex-content/EN/legislation/summary/?uri=CELEX:52021DC0101-EN-20201201-01&act=communication&date=20201201)

⁶ Féach freisin Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas ar páirtithe ann iad an tAontas Eorpach agus na Ballstáit.

⁷ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, maidir leis an bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach, COM(2020) 790 final.

áirithiú ar fud na mBallstát. Bunaíodh socruithe den sórt sin ar dtús nuair a glacadh Treoir 94/80/CE.

Tugtar le tuiscint le hathmhúnlú Threoir 94/80/CE, agus leis an athbhreithniú agus leis an nuashonrú ar na caighdeáin choiteanna agus na nósanna imeachta atá inti, go bhfuil gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais.

- **Comhréireacht**

Ní théann na bearta spriocdhírthe atá beartaithe thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir fadtéarmach a bhaint amach maidir leis an daonlathas Eorpach a fhorbairt agus a neartú. Leis na bearta sin feabhsaítear agus beachtaítear an creat lena rialaítear an chaoi a bhfeidhmíonn saoránaigh shoghluaiste den Aontas a gcearta toghchánacha, cearta a dheonaítear faoi na Conarthaí. Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta, dá bhrí sin.

- **An rogha ionstraime**

Tá sraith láidir noirm sa Treoir ón gComhairle cheana féin maidir le caighdeáin agus nósanna imeachta d'fheidmiú na gcearta toghchánach ag saoránaigh shoghluaiste den Aontas. Tá sé i gceist leis an togra seo athruithe spriocdhírthe a chur ar fáil ar an Treoir sin ón gComhairle chun aghaidh a thabhairt ar easnamh agus bacainní áirithe a bhíonn ag na Ballstáit agus ag saoránaigh. I bhfianaise a riachtanaí atá sé teanga a thabhairt cothrom le dáta, tagairtí agus forálacha atá imithe i léig, is iomchuí an Treoir ón gComhairle a athmhúnlú. Ós rud é go bhfuil an togra seo chun an Treoir ón gComhairle a athmhúnlú, is é an cineál ionstraime dlí céanna is oiriúnaí.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Cuireadh maolú ar an bprionsabal 'meastóireachta ar dtús' i bhfeidhm agus é á chur san áireamh gur ann do thuarascálacha a d'eisigh an Coimisiún le déanaí. Is léir ó fhianaise gur gá Treoir 94/80/CE⁸ a thabhairt cothrom le dáta, agus meastar gur leor sin don chéim mheastóireachta. Ar deireadh, áirítear freisin sa staidéar seachtrach a ullmháodh chun tacú leis an measúnú tionchair gnéithe den mheastóireacht ar an gceart dlíthiúil atá ann cheana⁹.

⁸ Tuarascáil ar chur i bhfeidhm Threoir 94/80/CE maidir leis an gceart chun vótála agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhargasacha (COM/2018/044 final); Tuarascáil 2017 ar Shaoránacht an Aontais (COM(2017) 30 final); Tuarascáil ar chur i bhfeidhm Threoir 94/80/CE maidir leis an gceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhargasacha ag saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (COM(2012) 99 final). Leasaíodh an Treoir freisin ceithre huairé (Treoir 96/30/CE ón gComhairle an 13 Bealtaine 1996, Treoir 2006/106/CE ón gComhairle an 20 Samhain 2006, Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 19 Iúil 2012, Treoir 2013/19/AE ón gComhairle an 13 Bealtaine 2013) chun na hathruithe is gá a chur chun feidhme tar éis gníomh aontachais leis an Aontas.

⁹ Staidéar a rinneadh in 2021 chun tacú le measúnú tionchair a ullmhú ar thionscnamh beartais de chuid an Aontais a d'fhéadfadh a bheith ann chun tacú le rannpháirtíocht leathan agus chuimsitheach saoránach soghluaiste den Aontas i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus i dtoghcháin bhargasacha san Eoraip <https://ec.europa.eu/info/files/study-preparation-impact-assessment-electoral-directives> agus na hIarscríbhinní a ghabhann leo <https://ec.europa.eu/info/files/annexes-study-preparation-impact-assessment-electoral-directives>

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Agus an togra seo á ullmhú, bhí an Coimisiún i ndlúthchaidreamh agus i ndlúthchomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha.

Tá an togra bunaithe, i measc nithe eile, ar chomhairliúchán poiblí oscailte¹⁰ le saoránaigh, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus údaráis áitiúla agus réigiúnacha, staidéir ábhartha lena n-áirítear ón Líonra Acadúil maidir le Cearta Saoránachta an Aontais¹¹, agus torthaí staidéir sheachtraigh a ullmhaíodh chun tacú leis an measúnú tionchair a rinneadh roimh an togra¹². Ina theannta sin, thug saoránaigh shoghluaiste den Aontas¹³, an líonra Eorpach um chomhar maidir le toghcháin¹⁴, agus an grúpa saineolaithe maidir le cúrsaí toghcháin aiseolas ábhartha. Comhlánaíodh an méid sin le conclúidí ó thionscail ábhartha a maoiníodh faoin gclár Cearta, Comhionannas agus Saoránacht¹⁵ agus an Eoraip ar son na Saoránach¹⁶, mar aon le haiseolas díreach a fuair an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa ó shaoránaigh den Aontas.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Fuarthas faisnéis ábhartha trí bhíthin comhairliúcháin le grúpa saineolaithe, go háirithe le grúpa saineolaithe an Choimisiúin maidir le cúrsaí toghcháin¹⁷ agus leis an Líonra Eorpach um Chomhar maidir le Toghcháin¹⁸.

Reáchtáladh dhá chruinniú chomhpháirteacha den Líonra Eorpach um Chomhar maidir le Toghcháin agus den ghrúpa saineolaithe maidir le cúrsaí toghcháin an 28 Eanáir 2021 agus an 10 Meitheamh 2021. Rinneadh plé ar na pointí a pléadh sna cruinnithe sin cheana féin i gcruinnithe roimhe seo.

¹⁰ https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12684-Inclusive-EUParliament-elections-supporting-EU-citizens-right-to-vote-and-stand-as-candidates-in-another-EU-country/public-consultation_en

¹¹ ‘Rannpháirtíocht pholaitiúil saoránach soghluaiste den Aontas ó staidéir phiólótacha ar an Ostair, ar an mBeilg, ar an mBulgáir, ar an nGearmáin, ar an nGréig, ar an Ungáir, ar an Éirinn agus ar an bPolainn’.

¹² Staidéar a rinneadh in 2021 chun tacú le measúnú tionchair a ullmhú ar thionscnamh beartais de chuid an Aontais a d’fhéadfadh a bheith ann chun tacú le rannpháirtíocht leathan agus chuimsitheach saoránach soghluaiste den Aontas i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus i dtoghcháin bhargasacha san Eoraip <https://ec.europa.eu/info/files/study-preparation-impact-assessment-electoral-directives> agus na hIarscríbhinní a ghabhann leo <https://ec.europa.eu/info/files/annexes-study-preparation-impact-assessment-electoral-directives>

¹³ Chun tacú leis an staidéar, rinneadh suirbhé spriocdhírthe ar líne ar shaoránaigh shoghluaiste den Aontas chun meastóireacht a dhéanamh ar thaithí saoránach soghluaiste den Aontas maidir le páirt a ghlacadh sa pholaitíocht ina mBallstát cónaithe, chomh maith leis an éagsúlacht tosca a imríonn tionchar ar a rannpháirtíocht.

¹⁴ https://ec.europa.eu/info/files/terms-reference-european-cooperation-network-elections_en.

¹⁵ https://ec.europa.eu/justice/grants1/programmes-2014-2020/rec/index_en.htm.

¹⁶ https://ec.europa.eu/info/departments/justice-and-consumers/justice-and-consumers-funding-tenders/funding-programmes/previous-programmes-2014-2020/europe-citizens-efc_en.

¹⁷ Bunaíodh an Grúpa Saineolaithe maidir le cúrsaí toghcháin in 2005. Is é an misean atá aici: dlúthchomhar a bhunú idir comhlachtaí na mBallstát agus an Coimisiún maidir le saincheistean a bhaineann le toghcháin; Cuidiú leis an gCoimisiún trí fhaisnéis agus comhairle a chur ar fáil maidir le staid na gceart toghchánach laistigh den Aontas Eorpach agus de na Ballstáit; agus malartú faisnéise, taithí agus dea-chleachtas sa réimse sin a éascú. Tuilleadh sonraí le fáil ag [Clár ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin agus eintiteas comhchosúil eile \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/info/departments/justice-and-consumers/justice-and-consumers-funding-tenders/funding-programmes/previous-programmes-2014-2020/europe-citizens-efc_en).

¹⁸ Tionscnaíodh an Líonra Eorpach um chomhar maidir le toghcháin in 2019. Tugann sé le chéile ionadaithe údaráis na mBallstát atá freagrach as cúrsaí toghcháin, agus is fóram é inar féidir malartuithe nithiúla, praiticiúla a bheith ann maidir le raon ábhar atá ábhartha chun toghcháin shaora agus chothroima a áirithiú, lena n-áirítear cosaint sonraí, cibearshlándaíl, trédhearcacht agus múscailt feasachta. Tuilleadh sonraí le fáil ag [An Líonra Eorpach um Chomhar maidir le Toghcháin | An Coimisiún Eorpach \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/info/departments/justice-and-consumers/justice-and-consumers-funding-tenders/funding-programmes/previous-programmes-2014-2020/europe-citizens-efc_en)

- **Measúnú tionchair**

Bhí measúnú tionchair (SWD(2021) 357) ina thaca ag an togra seo. I bhfianaise na gcosúlachtaí idir Treoir 94/80/CE ón gComhairle agus Treoir 93/109/CE ón gComhairle i dtéarmaí na bpríomhthairbhíthe (saoránaigh shoghluaiste den Aontas) agus na gceart arna ndeónú agus na gceanglas gaolmhar do na Ballstáit, rinneadh measúnú in aon doiciméad amháin ar na féidearthachtaí chun feabhas a chur orthu féin agus ar a bhfeidhmiú. D'eisigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhearfach ar an measúnú tionchair (SEC(2021) 576).

Rinneadh scrúdú sa mheasúnú tionchair ar dhá rogha mhalartacha beartais chun dul i ngleic leis na fadhbanna a sainaithníodh. Cuirtear i láthair sna roghanna beartais raon de bhearta féideartha a mheastar go gcuireann siad feabhas ar fheidhmiú na gceart toghchánach. Go sonrach, i measc na roghanna beartais sin tá bearta boga, neamhrechtacha chun tacú le múscailt feasachta agus comhar riaracháin a fheabhsú, agus comhchaighdeáin a leagan síos le haghaidh nósanna imeachta chun saoránaigh shoghluaiste den Aontas a chlárú agus chun cleachtas díchlárúcháin a chosc.

Foráiltear le Rogha 1 leasuithe reachtacha spriocdhíríthe agus bearta boga. Is é an aidhm atá ann forálacha reatha na Treorach ón gComhairle a chomhdhlúthú agus a shoiléiriú.

Foráiltear le Rogha 2 d'idirghabháil fhorleathan reachtach. Agus prionsabal an neamhidirdhealaithe á urramú mar bhonn na Treorach, tá sé mar aidhm ag an dara rogha beartais athchóiriú cuimsitheach ar an Treoir a chur i bhfeidhm, mar shampla, trí cheanglais dlí a leagan síos maidir leis na teorainneacha ama don chlárú.

Rinneadh grinnscrúdú ar na roghanna éagsúla maidir lena n-éifeachtacht, a n-éifeachtúlacht agus a gcomhleanúnachas le beartais eile (an Aontais) agus maidir le coimhdeacht agus comhréireacht.

Meastar gurb í rogha 2 an rogha is éifeachtaí chun na cuspóirí beartaithe go léir a bhaint amach. Mar sin féin, is í Rogha 1 an rogha thosaíochta ar chúiseanna éifeachtúlachta, comhleanúnachais agus coimhdeachta agus comhréireachta.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Tá roinnt costas i gceist leis an togra d'údaráis riaracháin na mBallstát agus an Aontais a eascraíonn as comhar méadaithe, ach meastar freisin go n-éascóidh sé éifeachtúlachtaí do na húdaráis i ngeall ar phróisis chomhchuíbhíthe. Ina theannta sin, tá córais i bhfeidhm cheana féin ag roinnt Ballstát lena gcumhdaítear na hoibleagáidí atá beartaithe sa rogha thosaíochta agus ní bheadh costais shuntasacha bhreise i gceist leo dá bhrí sin.

Déanann an togra simpliú ar an bpróiseas chun clárú chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhargasacha do shaoránaigh shoghluaiste den Aontas.

Faoin togra, níor sainaithníodh aon tionchar diúltach a d'eascair as lánpháirtiú agus rannpháirtíocht dhaonlathach saoránach soghluaiste den Aontas ina mBallstát óstach. Trí na ceanglais chlárúcháin a shimpliú agus trí fheabhas a chur ar sholáthar faisnéise agus ar fheasacht maidir le vótáil i measc saoránaigh shoghluaiste den Aontas, tacaítear leis an tsaorghluaiseacht agus leis an lánpháirtiú.

Beartaítear leis an togra go mbeidh rochtain chomhionann ag saoránaigh shoghluaiste den Aontas ar dheiseanna cianvótála agus leictreonacha i gcomparáid le náisiúnaigh an Bhallstáit sin. Éascaíonn cianfhéidearthachtaí vótála rannpháirtíocht saoránach soghluaiste den Aontas sa toghchán.

- **Ceartha bunúsacha**

Déantar foráil in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) go bhfuil an tAontas 'fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Is comhluachanna ag Ballstáit na luachanna

sin i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamhidirdhealú, an chaoimhlaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir.

Foráiltear in Airteagal 10(1) agus (2) CAE go mbeidh ‘oibriú an Aontais fothaithe ar an daonlathas ionadaíoch’ agus ‘go ndéantar ionadaíocht ar na saoránaigh go díreach ar leibhéal an Aontais i bParlaimint na hEorpa’.

Luaitear in Airteagal 26 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh go n-aithníonn agus go n-urramaíonn an tAontas an ceart atá ag daoine faoi mhíchumas leas a bhaint as bearta atá ceaptha chun a neamhspleáchas, a lánpháirtiú sóisialta agus gairmiúil agus a rannpháirtíocht i saol an phobail a áirithiú.

Saothraíonn an togra seo cuspóirí na bhforálacha sin, agus dá bhrí sin tá sé comhoiriúnach leis na cearta bunúsacha a ráthaítear le Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus tugann sé éifeacht dóibh.

Cuireann an togra seo le saorghluaiseacht saoránach den Aontas (Airteagal 45 den Chairt). Tacaíonn sé freisin le rochtain saoránach soghluaiste den Aontas ar nósanna imeachta vótála ar théarmaí atá comhionann le náisiúnaigh an Bhallstáit óstaigh. Thairis sin, feabhsaíonn sé an ceart chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhargasacha (Airteagal 40 den Chairt) agus a gceart chun dea-riaracháin (Airteagal 41).

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní chuireann an togra seo aon ualach airgeadais ná riaracháin ar an Aontas Eorpach. Níl aon tionchar aige, dá bhrí sin, ar bhuiséad an Aontais Eorpaigh.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin gá chun an Treoir ón gComhairle a chomhlíonadh, ceanglófar ar na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach. Laistigh de 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, ní mór do na Ballstáit tuairisc a thabhairt don Choimisiún maidir le cur i bhfeidhm na Treorach. Ní mór staidrimh maidir le rannpháirtíocht vótálaithe agus iarrthóirí i dtoghcháin bhargasacha a bheith sa tuarascáil sin, mar aon le hachóimre de na bearta a ghlactar ina leith sin. Laistigh de 5 bliana ón teacht i bhfeidhm agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, ní mór don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo ón gComhairle.

Chun sineirge agus comhsheasmhacht a chuid beartas maidir le rannpháirtíocht i dtoghcháin saoránach soghluaiste den Aontais a áirithiú, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur i bhfeidhm na Treorach seo an tráth céanna leis an meastóireacht ar chur i bhfeidhm na treorach maidir leis na toghcháin do Parlaimint na hEorpa. Ina theannta sin, cuirfear san áireamh sa mheastóireacht tuarascálacha na mBallstát agus cruinnithe an líonra Eorpaigh um chomhar maidir le toghcháin. Dá bhrí sin, laistigh de 2 bhliain tar éis an chéad dá thoghchán eile do Parlaimint na hEorpa, tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar a cur i bhfeidhm agus cuirfidh sé tuarascáil mheastóireachta ar fáil maidir leis an dul chun cinn i dtreo saothrú a cuspóirí.

- **Doiciméid mhíniúcháin**

Ina breithiúnas an 8 Iúil 2019¹⁹ agus ina cásdlí breise²⁰, shoiléirigh an Chúirt Bhreithiúnais nach mór do na Ballstáit, agus bearta náisiúnta trasúimh á gcur in iúl don Choimisiún acu, faisnéis atá soiléir agus beacht go leor a chur ar fáil, agus an fhoráil náisiúnta nó na forálacha náisiúnta lena n-áirithítear go ndéanfar í nó iad a thrasúí a shainaithe do gach foráil den treoir.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Ní thugtar mínithe ach ar fhorálacha na Treorach a bhfuil sé beartaithe iad a athrú.

1. Chun rochtain ar fhaisnéis toghcháin a éascú do shaoránaigh shoghluaiste den Aontas, leagtar síos caighdeáin níos airde in Airteagal 12 chun faisnéis toghcháin a chur ar fáil do shaoránaigh shoghluaiste den Aontas. Leis an togra, ceanglaítear ar na Ballstáit údarais a cheapadh a chuirfidh in iúl go réamhghníomhach do shaoránaigh shoghluaiste den Aontas a chónaíonn ar a gcíoch faoi na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe le haghaidh clárú mar vótálaí nó mar iarrthóir i dtoghcháin bhargasacha, roimh a gclárú agus ina dhiaidh, chun críocha toghcháin nó chun na críche a leagtar amach i dTreoir 2004/38/CE. D'fhéadfadh soláthar faisnéise agus úsáid na modhanna cumarsáide arna n-oiriúnú do ghrúpaí vótálaithe sonracha amhail vótálaithe óga a bheith i gceist leis sin freisin.

Agus é mar aidhm feacht agus tuiscint saoránach soghluaiste den Aontas a mhéadú maidir le nósanna imeachta agus cleachtais chun clárú agus chun páirt a ghlacadh i dtoghcháin bhargasacha, foráiltear leis an airteagal céanna go mbeidh oibleagáid ar na húdarais arna gceapadh ag na Ballstáit faisnéis shonrach agus shaincheaptha a chur ar fáil do shaoránaigh shoghluaiste den Aontas a cláraíodh mar vótálaithe nó mar iarrthóirí, faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) stádas a gcláraithe;
- (b) dáta an toghcháin agus conas vótáil agus cén áit, ach a mbeidh an fhaisnéis sin ar fáil;
- (c) na rialacha ábhartha maidir le cearta agus oibleagáidí na vótálaithe agus na n-iarrthóirí, lena n-áirítear toirmisc agus neamh-chomhoiriúnachtaí, agus smachtbhannaí is infheidhme i gcás sárú rialacha toghcháin;
- (d) bealaí chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le heagrú an toghcháin lena n-áirítear liosta na n-iarrthóirí.

Faoi Rialachán (AE) 2018/1724, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain éasca ag úsáideoirí ar a leathanaigh ghréasáin náisiúnta ar fhaisnéis atá soláimhsithe, cruinn, nuashonraithe agus cuimsitheach go leor maidir le páirt a ghlacadh i dtoghcháin bhargasacha. Úsáideann na Ballstáit modhanna agus bealaí cumarsáide éagsúla. Dá bhrí sin, chun comhsheasmhacht a áirithiú, beartaítear leis an tionscnamh na ceanglais cháilíochta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1724 a leathnú dá réir chun go soláthróidh na Ballstáit faisnéis oifigiúil toghcháin go díreach agus go leithleach do shaoránaigh shoghluaiste den Aontas.

Sa bhreis ar theanga oifigiúil an Bhallstáit chónaithe a úsáid, ní mór faisnéis a chur in iúl freisin i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil tuiscint leathan uirthi ag an líon is mó is féidir de shaoránaigh den Aontas atá ina gcónaí ar a gcíoch. Beidh na Ballstáit in ann brath ar an tairseach An Eoraip Agatsa. Mar aon leis an bhfaisnéis teagmhála a thugtar isteach le leasuithe ar na sonraí a theastaíonn ó shaoránaigh shoghluaiste den Aontas a chur isteach chun clárú mar vótálaithe agus mar iarrthóirí, cuirfidh sé sin ar chumas na mBallstát bealaí leictreonacha a úsáid chun faisnéis a chur in iúl go díreach. Chun rannpháirtíocht

¹⁹ An Coimisiún v an Bheilg, C-543/17.

²⁰ Féach breithiúnais i gCásanna an Choimisiúin v an Rómáin, C-549/18 agus an Coimisiún v Éire, C-550/18.

chuimsitheach toghcháin a áirithiú, leagtar síos leis an tionscnamh freisin ceanglais inrochtaineachta don fhaisnéis a chuirtear ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus do shaoránaigh scothaosta, agus é mar fhoinsé inspioráide aige tuairimí ginearálta Choiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas maidir le hAirteagail 21 agus 29 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

2. D'fhonn na bacainní riaracháin a bhíonn roimh shaoránaigh shoghluaiste den Aontas a laghdú, cuirtear ar bun leis an tionscnamh (Airteagail 8 agus 9) teimpléid chaighdeánaithe le haghaidh na ndearbhuithe foirmiúla, dearbhuithe a leagtar amach in Iarscríbhinní II agus III, ar gá do shaoránaigh shoghluaiste den Aontas iad a thaispeáint chun clárú mar vótálaithe agus mar iarrthóirí. Tugtar faisnéis teagmhála in éineacht leis na sonraí, rud a chuireann ar chumas na mBallstát a n-oibleagáid a chomhlíonadh maidir le faisnéis a thabhairt. Ós rud é go bhfoilseofar na harscríbhinní a ghabhann leis an treoir in *Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, beidh siad ar fáil do shaoránaigh agus d'údaráis náisiúnta araon i dteangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh.

3. Cuireann an togra (Airteagal 8(5)) teorainn le raon feidhme chlárú saoránach soghluaiste den Aontas ar rollaí toghthóirí an Bhallstáit óstaigh, rud a chuireann cosc ar dhíchlarú ó rollaí toghthóirí an Bhallstáit baile ar an mbonn sin amháin.

4. Le hAirteagal 14, ceanglaítear ar na Ballstáit faireachán agus tuairisciú rialta ar chur chun feidhme. Sa tuarascálacha beidh sonraí staidrimh ábhartha maidir le rannpháirtíocht vótálaithe agus iarrthóirí de bhun Airteagal 3 i dtoghcháin bhargasacha chomh maith le hachóimre de na bearta a ghlactar ina leith sin. Cuirfidh sé sin ar chumas an Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na modhanna a úsáideann na Ballstáit agus roghanna eile a chur ar fáil ar mhaithe le feabhas a chur orthu. Déantar foráil in Airteagal 16 maidir le meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach laistigh de dhá bhliain tar éis thoghcháin 2029 do Pharlaimint na hEorpa.

5. Le hAirteagail 2, 8 agus 9, tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun a áirithiú go bhfanfaidh liosta na mbunaonad riaracháin áitiúil cothrom le dáta agus go leanfaidh na teimpléid de dhearbhuithé foirmiúla, arna gcur isteach ag saoránaigh shoghluaiste den Aontas agus iad cláraithe mar vótálaithe nó mar iarrthóirí, de na sonraí ábhartha a chuimsiú. Leagtar síos in Airteagal 16 teorainneacha an tarmligin i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE.

6. I gcomhréir le prionsabal an neamh-idirdhealaithe, ceanglaítear le hAirteagal 10 ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag saoránaigh shoghluaiste den Aontas ar na modhanna céanna réamhvótála, vótála poist, vótála leictreonaí agus vótála idirlín, modhanna atá ar fáil dá náisiúnaigh féin i dtoghcháin bhargasacha.

7. Leis an togra scriostar an téarma 'go huathoibríoch' ó Airteagal 8(3) i gcomhréir le forálacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí maidir le srianta ar chinnteoireacht uathoibríthe. Ina theannta sin, chun rochtain ar fhaisnéis faoi choinniollacha comhionanna lena náisiúnaigh a áirithiú, ceanglaítear ar na Ballstáit fógra a thabhairt do shaoránaigh shoghluaiste den Aontas maidir lena mbaint den rolla toghthóirí, má tá an oibleagáid sin i bhfeidhm maidir lena náisiúnaigh féin.

8. Faoi láthair, is féidir le Ballstáit óstacha a cheangal ar iarrthóirí neamhnáisiúnta AE fianú a chur ar fáil roimh an toghchán nó ina dhiaidh maidir lena gceart seasamh mar iarrthóirí. Féadfar an fianú sin a iarraidh má tá amhras ann faoi inneachar an dearbhaithe lena sonraítear nár baineadh an ceart sin díobh ina mBallstáit baile nó i ngach cás, fad a leagtar síos é le reachtaíocht náisiúnta.

Ós rud é go bhfuil oibleagáid an dearbhaithe sin, ann féin, ina bhac ar sheasamh mar iarrthóir gan an ceart a bheith aige, is éard is aidhm don tionscnamh seo deireadh a chur leis an bhféidearthacht iloibleagáid a fhorchur ar gach iarrthóir neamhnáisiúnta AE an fianú thuasluaite a chur ar fáil. Idir an dá linn, tugann an togra an rogha do na Ballstáit fianú den sórt sin a éileamh nuair a dhéantar meastóireacht cás ar chás ar chreidiúnacht an dearbhaithe.

9. Leis an aidhm chéanna chun feasacht saoránach soghluaiste den Aontas a mhéadú, beartaítear leis an togra freisin leasú a dhéanamh ar Airteagal 11(1) trí fhoráil a dhéanamh maidir le hoibleagáid na mBallstát teanga shoiléir shimplí a úsáid agus iad ag cur saoránaigh shoghluaiste den Aontas ar an eolas faoina stádas clárúcháin. Soiléiríonn sé freisin méid na hoibleagáide atá ar na Ballstáit tríd an téarma ‘cinneadh’ a chur in ionad ‘bearta’. Faoi mhír nua in Airteagal 11, déantar foráil do cheart na vótálaithe agus na n-iarrthóirí de bhun Airteagal 3 den Treoir aon neamhréireacht nó earráid sna sonraí atá ar rollaí na dtoghthóirí nó i liostaí na n-iarrthóirí a cheartú faoi théarmaí comhchosúla le haghaidh náisiúnaigh an Bhallstáit óstaigh.

10. Beartaítear leis an togra freisin oiriúnuithe a dhéanamh ar an teanga atá as dáta agus tagairtí (Airteagal 3(a), Airteagal 7(1), Airteagal 8(2) agus Airteagal 9 (1)) trí thagairtí don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur in ionad na dtagairtí don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus trí theanga inscne-neodrach a úsáid.

11. Tá leasuithe ar liosta na n-aonad rialtais áitiúil bunúsach mar fhreagairt ar fhógraí a fhaightear ó na Ballstáit agus ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

12. Déantar foráil in Airteagal 17 maidir leis an Treoir a thrasú.

Togra le haghaidh

TREOIR ÓN gCOMHAIRLE

lena leagtar síos socruithe mionsonraithe maidir le feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha ag saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (athmhúnlú)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ~~ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh~~ ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh , agus go háirithe Airteagal ~~8b~~ 22 (1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an méid seo a leanas:

↓ nua

- (1) Tá roinnt leasuithe le déanamh ar Threoir (AE) 94/80/CE ón gComhairle¹. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Treoir sin a athmhúnlú.
- (2) Le hAirteagal 20(2), pointe (b) agus le hAirteagal 22(1) den Chonradh ar fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) tugtar an ceart chun vótáil do shaoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstáit nach náisiúnaigh dá chuid iad, agus an ceart chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa ina mBallstát cónaithe faoi na coinníollacha céanna a bhfuil feidhm acu maidir le náisiúnaigh an Bhallstáit óstaigh. Tugann an ceart sin, ar ceart é a dhearbhaítear le hAirteagal 40 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt), léiriú sonrach do phrionsabal an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe ar bhonn náisiúntachta a leagtar amach in Airteagal 21. Is atoradh é freisin ar an gceart chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse a chumhdaítear in Airteagal 20(2), pointe (a), in Airteagal 21 CFAE agus in Airteagal 45 den Chairt.

¹ Treoir 94/80/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 1994 lena leagtar síos socruithe mionsonraithe maidir le feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha ag saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (IO L 368, 31.12.1994, lch. 38).

- (3) Le Treoir 94/80/CE ón gComhairle leagtar amach na socruithe sonracha lena rialaítear feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhargasacha.
- (4) Sa Tuarascáil ar Shaoránacht AE 2020 ón gCoimisiún², leag an Coimisiún béim ar an ngá atá leis na rialacha maidir le feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhargasacha a nuashonrú, a shoiléiriú agus a neartú chun a áirithiú go gcuideoidh siad le rannpháirtíocht leathan chuimsitheach shaoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais. Agus an taithí a fuarthas as a chur i bhfeidhm ar thoghcháin leantacha á cur san áireamh, agus chun na hathruithe a tugadh isteach leis na leasuithe ar na Conarthaí a chur san áireamh, ba cheart roinnt forálacha ón Treoir sin a nuashonrú.
- (5) An nós imeachta a bhaineann le toghcháin bhargasacha, tagann sé faoi réimse inniúlachtaí na mBallstát a eagraíonn iad de réir a dtraidisiúin shonracha agus i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus Eorpacha. I gcomhréir leis an gCúnamh Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla chomh maith le dlí an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine, ba cheart do na Ballstáit an ceart atá ag saoránaigh den Aontas chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir a aithint agus a urramú, ní hamháin sin ach rochtain éasca ar a gcearta toghchánacha a áirithiú freisin tríd an oiread constaicí ar thoghcháin a bhaint agus is féidir.
- (6) Chun a áirithiú gur féidir le saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad ('saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad') a gceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin bhargasacha a fheidhmiú faoi na coinníollacha céanna a bhfuil feidhm acu maidir le náisiúnaigh dá mBallstát óstach, ba cheart na coinníollacha lena rialaítear clárú agus rannpháirtíocht i dtoghcháin den sórt sin a shoiléiriú chun cóir chomhionann a áirithiú idir saoránaigh den Aontas ar náisiúnaigh iad agus saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad. Go háirithe, ba cheart cóir chomhionann a thabhairt do shaoránaigh den Aontas atá ag iarraidh vótáil agus seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin bhargasacha ina mBallstát cónaithe a mhéid a bhaineann le haon tréimhse chónaithe atá le comhlíonadh mar choinníoll chun an ceart a fheidhmiú, agus na cruthúnais chun a léiriú go gcomhlíonann siad coinníoll den sórt sin.
- (7) Ina theannta sin, níor cheart go mbeadh sé mar cheangal ar shaoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad coinníollacha speisialta a chomhlíonadh chun an ceart chun vótáil nó chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhargasacha a fheidhmiú, mura rud é, ar bhonn eisceachtúil, go bhfuil bonn cirt le cóir dhifriúil idir náisiúnaigh agus neamhnáisiúnaigh in imthosca a bhaineann go sonracha leis na neamhnáisiúnaigh a idirdhealú ó na náisiúnaigh.

↓ 94/80/CE aithris 1 (oiriúnaithe)

~~De bhí gur céim nua sa siorphróiseas ionsar aontas buandlúite a chur ar bun idir pobail na hEorpa is ea an Conradh ar an Aontas Eorpach; de bhí gur éirí amháin a leagtar ar an Aontas, ar dhóigh ina léirítear comhsheasmhacht agus dlúthpháirtíocht, an caidreamh idir pobail na mBallstát a eagrú; de bhí go n-áirítear ina cuspóirí bunúsacha cosaint chearta agus leasanna náisiúnaigh a mBallstát a threisiú trí shaoránacht an Aontais a thabhairt isteach;~~

² Tuarascáil ar Shaoránacht AE 2020 Saoránaigh a chumhachtú agus a gcearta a chosaint, COM/2020/730 críochnaitheach.

↓ 94/80/CE aithris 2 (oiriúnaithe)

~~De bhrí go ndéanann Teideal II den Chonradh ar an Aontas Eorpach, chun na críche sin, saoránaight den Aontas a thabhairt isteach do náisiúnaigh uile na mBallstát agus go dtugann sé líon áirithe cearta do na náisiúnaigh sin ar an mbonn sin;~~

↓ 94/80/CE aithris 3 (oiriúnaithe)

~~De bhrí gur sampla d'fheidhmiú phrionsabal an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe idir náisiúnaigh agus neamhnáisiúnaigh agus comhthoradh ar an gceart chun gluaiseachta agus cónaí faoi shaoirse, a chumhdaítear in Airteagal 8a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, iad an ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhargasacha sa Bhallstát cónaithe mar a leagtar síos in Airteagal 8b(1) den Chonradh sin;~~

↓ 94/80/CE aithris 4 (oiriúnaithe)

~~De bhrí nach ionann cur i bhfeidhm Airteagal 8b(1) agus comhehuibhiú chóras toghchánaíochta na mBallstát; de bhrí gurb é is aidhm don fhoráil sin ná deireadh a chur go bunúsach leis an gceanglas náisiúntachta a leagtar síos faoi láthair i bhformhór na mBallstát chun go bhféadfar an ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir a fheidhmiú; de bhrí, thairis sin, chun prionsabal na comhréireachta a chur san áireamh mar a leagtar amach sa tríú mír d'Airteagal 3b den Chonradh, nár cheart d'inneachar reachtaíocht an Chomhphobail sa réimse sin dul thar a bhfuil riachtanach chun cuspóir Airteagal 8b(1) den Chonradh a ghnóthú;~~

↓ 94/80/CE aithris 5 (oiriúnaithe)

~~De bhrí gurb é is cuspóir d'Airteagal 8b(1) ná a áirithiú gur féidir le saoránaigh uile an Aontais, bídis ina náisiúnaigh den Bhallstát ina bhfuil cónaí orthu nó ná bíodh, a gceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhargasacha a fheidhmiú sa Stát sin faoi na coinníollacha céanna; de bhrí gur cheart go mbeadh na coinníollacha a bhaineann le neamhnáisiúnaigh lena n-áirítear na coinníollacha sin a bhaineann le tréimhse chónaithe agus le cruthúnas cónaithe mar a chéile leo siúd, más ann dóibh, a bhaineann le náisiúnaigh an Bhallstáit áirithe sin; de bhrí nach féidir go mbeadh sé mar cheangal ar neamhnáisiúnaigh coinníollacha speisialta a chomhlíonadh mura rud é, ar bhonn eiseachaíúil, go bhfuil bonn eirt le cóir dhifriúil idir náisiúnaigh agus neamhnáisiúnaigh in imthosca a bhaineann go sonrach leis na neamhnáisiúnaigh a idirdhealú ó na náisiúnaigh;~~

↓ 94/80/CE aithris 6 (oiriúnaithe)

~~De bhrí go n-aithnítear le hAirteagal 8b(1) den Chonradh an ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhargasacha sa Bhallstát cónaithe, gan é a ionadú leis an gceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir sa Bhallstát inar náisiúnach an saoránach den Aontas; de bhrí nach mór saoirse saoránaigh den Aontas maidir le cinneadh a dhéanamh eé acu a bheith rannpháirteach nó gan a bheith rannpháirteach i dtoghcháin bhargasacha sa Bhallstát cónaithe a urramú; de bhrí go bhfuil sé iomchuí do na saoránaigh sin a gceart chun vótáil a fheidhmiú ansin; de bhrí go bhféadfar foráil a dhéanamh maidir le clárú uathoibríoch na saoránach ar rolla na dtoghthóirí sna Ballstáit sin nach bhfuil an vótáil éigeantach;~~

↓ 94/80/CE aithris 7 (oiriúnaithe)

~~De bhí gur léiriú an chaoi a bhfeidhmíonn an rialtas áitiúil sna Ballstáit éagsúla ar na tradisiúin pholaitiúla agus dhlíthiúla éagsúla agus go mbíonn flúirse struchtúr i gceist; de bhí nach geallann an téarma ‘toghchán bardasach’ an rud céanna i ngach Ballstát; de bhí nach mór euspóir na Treorach seo a shoiléiriú tríd an téarma a shainmhíniú; de bhí gur toghcháin trí vótáil chomhehoiteann dhíreach ag bunleibhéal na n-aonad rialtais áitiúil agus a bhforann iad na toghcháin bhardasacha; de bhí go geumhdaitear leis an téarma na toghcháin trí vótáil chomhehoiteann dhíreach do chomhairlí ionadaíocha na mbardasachtaí agus do bhaill feidhmeannais bhardasaigh araon;~~

↓ nua

- (8) Chun feidhmiú an chirt atá ag saoránaigh den Aontas chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir ina mBallstát cónaithe a éascú, ba cheart saoránaigh den sórt sin a chur leis an rolla toghthóirí in am trátha roimh lá na vótála. Ba cheart go mbeadh na foirmiúlachtaí is infheidhme maidir lena gclárú chomh simplí agus is féidir. Ba cheart gur leor do na saoránaigh den Aontas lena mbaineann cárta aitheantais bailí agus dearbhú foirmiúil a sholáthar ina bhfuil gnéithe a thugann fianaise go bhfuil siad i dteideal páirt a ghlacadh sna toghcháin. Nuair a bheidh saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad cláraithe, ba cheart iad a fhágáil ar an rolla toghthóirí faoi na coinníollacha céanna a bhfuil feidhm acu maidir le saoránaigh den Aontas ar náisiúnaigh den Bhallstát lena mbaineann iad, fad is a chomhlíonfaidh siad na coinníollacha chun an ceart chun vótáil a fheidhmiú. Ina theannta sin, ba cheart do shaoránaigh den Aontas sonraí teagmhála a chur ar fáil do na húdaráis inniúla, rud a chuirfidh ar chumas na n-institiúidí sin iad a choinneáil ar an eolas ar bhonn rialta.
- (9) Cé go bhfuil na Ballstáit inniúil ar an gceart chun vótáil nó chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha a chinneadh a mhéid a bhaineann le náisiúnaigh a bhfuil cónaí orthu lasmuigh dá gcríoch, níor cheart saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad a bhaint den rolla toghthóirí ina mBallstát baile mar gheall gur cuireadh iad ar an rolla toghthóirí ina mBallstát cónaithe agus mar gheall ar an bhforas sin amháin.

↓ 94/80/CE aithris 8 (oiriúnaithe)

⇒ nua

- (10) Is féidir dícháiliú ☒ ón gceart chun seasamh mar iarrthóir ☒ a ordú trí chinneadh aonair na n-údarás sa Bhallstát cónaithe nó sa Bhallstát baile. I bhfianaise na tábhachta polaitiúla a bhaineann le hoifig bhardasach a shealbhú, ba cheart do na Ballstáit a bheith i dteideal ⇒ faisnéis a fháil ón mBallstát baile maidir le cailleadh an chirt chun seasamh mar iarrthóir i mBallstát baile an iarrthóra. ⇐ ~~na céimeanna riachtanacha a ghlacadh chun a áirithiú nach féidir le duine ar baineadh an ceart chun seasamh mar iarrthóir de ina Bhallstát baile an ceart sin a fháil ar ais de bhua a chónaithe i mBallstát eile agus ar an geúis sin amháin; de bhí go bhfuil an fhadhb sin, a bhaineann go sonrach le hiarthóirí neamhnáisiúnta, tábhachtach go leor chun údar eú a bheith le foráil faoina mbeadh cead ag na Ballstáit sin a mheasann go bhfuil sé riachtanach na hiarthóirí sin a chur faoi réir na rialacha maidir le dícháiliú sa Bhallstát cónaithe chomh maith leis na rialacha sin sa Bhallstát baile freisin; de bhí, i bhfianaise phrionsabal na comhréireachta, go mbeidh sé leordhóthanach mura geuirfear an ceart~~

~~chun vótáil ach faoi réir na rialacha maidir le dícháiliú ó vótáil an Bhallstáit cónaithe amháin.~~

↓ 94/80/CE aithris 9 (oiriúnaithe)

- (11) Ós rud é gur féidir dualgais cheannaireacht na mbunaonad rialtais áitiúil a bheith bainteach le húdarás oifigiúil a fheidhmiú agus an leas ginearálta a choimirciú, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann na hoifigí sin a fhorchoimeád dá náisiúnaigh agus lánurraim á tabhairt do phrionsabal na comhréireachta . ~~ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann bearta iomchuí a dhéanamh chun na críche sin; ní fhéadfar leis na bearta sin níos mó a shrianadh ná mar is gá chun an cuspóir sin a bhaint amach, is é sin an fhéidearthacht do náisiúnaigh eile na mBallstát go dtoghfaí iad.~~

↓ 94/80/CE aithris 10

- (12) Ar an gcaoi chéanna, ba cheart gurbh fhéidir le hoifigeach bardasach tofa a bheith rannpháirteach i dtoghchán do chomhthionól parlaiminteach a fhorchoimeádfar do náisiúnaigh an Bhallstáit féin.

↓ 94/80/CE aithris 11

- (13) I gcás ina bhforáiltear le dlíthe na mBallstát go bhfuil sé neamhréireach a bheith in oifig bardasach tofa agus a bheith in oifigí eile, ba cheart don Bhallstát a bheith in ann a raon feidhme a leathnú chun oifigí coibhéseacha atá acu i mBallstát eile a chur san áireamh.

↓ 94/80/CE aithris 6 (oiriúnaithe)

- (14) ~~Aithnítear le hAirteagal 8b(1) den Chonradh a An ceart a thugtar do shaoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bardasacha sa Bhallstát cónaithe, gan é a ionadú leis ní ionadach é ar an gceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir sa Bhallstát ar náisiúnach de an saoránach den Aontas. Ní mór Dá bhrí sin is gá saoirse shaoránaigh den Aontas maidir le cinneadh a dhéanamh cé acu a bheith rannpháirteach nó gan a bheith rannpháirteach i dtoghcháin bardasacha sa Bhallstát cónaithe a urramú. Is iomchuí agus go bhféadfaidh na saoránaigh sin a mian a chur in iúl chun a gceart chun vótáil ina mBallstát cónaithe ~~ann~~ a fheidhmiú. Féadfaidh na Ballstáit nach bhfuil an vótáil éigeantach iontu foráil a dhéanamh dá bhrí sin maidir le clárú uathoibríoch na saoránach ar rolla na dtoghthóirí sna Ballstáit sin nach bhfuil an vótáil éigeantach chun na saoránaigh sin atá ar rolla na dtoghthóirí a chlárú go huathoibríoch~~

↓ nua

- (15) Príomhghné chun feidhmiú éifeachtach an chirt a chumhdaítear in Airteagal 20(2), pointe (b) agus in Airteagal 22(1) CFAE a áirithiú is ea inrochtaineacht ar fhaisnéis maidir le cearta agus nósanna imeachta toghchánacha.

- (16) Déanann an easpa faisnéis leormhaith difear, i gcomhthéacs nósanna imeachta toghchánacha, do shaoránaigh agus iad ag feidhmiú a gcearta toghchánacha mar chuid

dá gcearta mar shaoránaigh den Aontas. Déanann sé difear freisin d'inniúlacht na n-údarás inniúil chun a gcearta a fheidhmiú agus a gcuid oibleagáidí a chur i gcrích. Ba cheart a cheangal ar na Ballstáit údaráis a ainmniú a mbeadh freagrachtaí speisialta acu chun faisnéis iomchuí a chur ar fáil do shaoránaigh den Aontas maidir lena gcearta faoi Airteagal 20(2), pointe (b), agus faoi Airteagal 22(1) CFAE agus faoi na rialacha agus na nósanna imeachta náisiúnta a bhaineann le rannpháirtíocht i dtoghcháin bhargasacha agus lena n-eagrú. Chun éifeachtacht na cumarsáide a áirithiú, ba cheart an fhaisnéis a chur ar fáil i dtéarmaí soiléire agus sothuigthe.

- (17) Chun feabhas a chur ar inrochtaineacht na faisnéise toghchánaí, ba cheart faisnéis den sórt sin a chur ar fáil i gceann amháin eile ar a laghad de theangacha oifigiúla an Aontais seachas teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla an Bhallstáit óstaigh, ar teanga í a mbeadh tuiscint éigin ag an líon is mó saoránach den Aontas is féidir a bhfuil cónaí orthu ar a chríoch. Féadfaidh na Ballstáit teangacha oifigiúla difriúla de chuid an Aontais a úsáid i gcodanna sonracha dá gcríoch nó dá gcuid réigiún ag brath ar an teanga a mbeadh tuiscint ag an líon is mó saoránach den Aontas a bhfuil cónaí orthu ann.

↓ 94/80/CE aithris 12
(oiriúnaithe)
⇒ nua

- (18) Caithfidh gá a bheith le haon mhaolú ó rialacha ginearálta na Treorach seo, de bhun Airteagal ~~8b~~ 22 (1) ~~de Chonradh~~ CFAE, mar gheall ar fhadhbanna a bhaineann go sonracha le Ballstát agus caithfidh sé bheith i gcomhréir le ceanglais Airteagal 52 den Chairt, lena n-áirítear an ceanglas go bhforáilfear leis an dlí d'aon teorainn le feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhargasacha agus go gcuirfear faoi réir phrionsabail na comhréireachta agus an riachtanais iad . Ina theannta sin, caithfidh aon mhaolú, de bharr a chineáil, a bheith faoi réir athbhreithnithe dá bhforáiltear le hAirteagal 47 den Chairt .

↓ 94/80/CE aithris 13
(oiriúnaithe)

- (19) D'fhéadfadh fadhbanna sonracha den sórt sin teacht chun cinn i mBallstát ina bhfuil an sciar de na saoránaigh den Aontas atá in aois vótála, a bhfuil cónaí orthu ann ach nach náisiúnaigh dá chuid iad, go mór thar an meán. ~~de bhí go bhfuil údar cuí le maoluithe~~ N n uair is ionann líon na saoránach sin agus níos mó ná 20 % de chláir iomlán na dtoghthóirí, beidh údar cuí le maoluithe . Ní mór na maoluithe sin a bheith bunaithe ar chritéar tréimhse cónaithe.

↓ 94/80/CE aithris 14

~~De bhí gurb é is aidhm do shaoránaigh an Aontais ná a chur ar chumas shaoránaigh an Aontais imeascadh ar bhealach níos fearr ina dtír óstaigh; de bhí go bhfuil sé ar intinn ag údair an Chonartha sa chomhthéacs sin aon pholarúchán idir liostaí na n-iarrthóirí náisiúnta agus neamhnáisiúnta a sheachaint;~~

↓ 94/80/CE aithris 15
(oiriúnaithe)

- (20) ~~De bhí go mbaineann an riosca polarúcháin sin go háirithe le Ballstát~~ ☒ Ballstáit ☒ ina bhfuil an sciar de shaoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad atá in aois vótála thar 20% de líon iomlán shaoránaigh an Aontais atá in aois vótála a bhfuil cónaí orthu ann; ~~de bhí go bhfuil sé tabhachtach, mar sin, go bhféadfadh an Ballstát sin,~~ ☒ d'fhéadfaí, ☒ i dtaca le hAirteagal ~~8b den Chonradh~~ ☒ 22(1) CFAE ☒, forálacha sonracha a bhaineann le comhdhéanamh na liostaí iarrthóirí a leagan síos.

↓ 94/80/CE aithris 16
(oiriúnaithe)

- (21) Is gá a chur san áireamh go bhfuil an ceart chun vótáil i dtoghcháin don pharlaimint náisiúnta i mBallstáit áirithe ag cónaitheoirí ar náisiúnaigh de Bhallstáit eile iad agus ☒ dá thoradh sin ☒ is féidir na foirmiúlachtaí dá bhforáiltear sa Treoir seo a mhaolú ~~dá thoradh sin~~.

↓ 94/80/CE aithris 17

- (22) Baineann gnéithe agus cothromaíochtaí sonracha le Ríocht na Beilge toisc go ndéantar foráil in Airteagal 1 go hAirteagal 4 ina Bunreacht maidir le trí theanga oifigiúla agus deighilt críche i réigiúin agus i bpobail, a bhfuil de thoradh air sin go bhféadfadh éifeachtaí a bheith ag cur i bhfeidhm iomlán na Treorach seo i gcomúin áirithe a chiallódh gur ghá foráil a dhéanamh maidir le maolú féideartha ar fhorálacha na Treorach seo chun na gnéithe agus na cothromaíochtaí sonracha sin a chur san áireamh;

↓ 94/80/CE aithris 18
(oiriúnaithe)
⇒ nua

- (23) ⇒ D'fhéadfadh sonraí maidir le feidhmiú ceart agus cur chun feidhme na Treorach seo a bheith úsáideach chun na bearta is gá a shainiú chun feidhmiú éifeachtach chearta toghchána na saoránach den Aontas a áirithiú. Chun feabhas a chur ar bhailiú na sonraí maidir le toghcháin bhargasacha, is gá faireachán agus tuairisciú rialta ar chur chun feidhme sna Ballstáit a thabhairt isteach, ar cheart go n-áireofaí leis, i dteannta le sonraí staidrimh, faisnéis maidir leis na bearta a ghlactar chun tacú le rannpháirtíocht shaoránaigh den Aontas nach náisiúnach iad i dtoghcháin. ☒ ~~Measfaidh an Coimisiún cur~~ ☒ Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar chur ☒ i bhfeidhm na Treorach ~~de jure agus de facto~~, lena n-áirítear athruithe ar bith ar na toghthóirí a tharla tar éis a teacht i bhfeidhm ~~de bhí go ndéanfaidh an Coimisiún~~ ☒ agus ☒ tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

- (24) Is gá don Choimisiún a mheastóireacht féin a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach seo laistigh de theorainn ama réasúnta tar éis a theacht i bhfeidhm, meastóireacht a bhainfeadh go dlúth leis an meastóireacht ar chur i bhfeidhm Treoir 93/109/CE ón gComhairle³ an 6 Nollaig 1993 lena leagtar síos socruithe mionsonraithe maidir le feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa do shaoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad.
- (25) Chun a áirithiú go leanfaidh liosta na mbunaonad rialtais sna Ballstáit de bheith cothrom le dáta agus go leanfaidh na sonraí a bheidh sna dearbhuithe foirmiúla atá le cur isteach ag saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad atá ag féachaint le vótáil nó seasamh i dtoghcháin bhargasacha de bheith ábhartha i gcomhthéacs shaoránaigh de chuid an Aontais ag feidhmiú a gcearta toghchánacha, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun liosta na mbunaonad rialtais agus an teimpléad do na dearbhuithe foirmiúla a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr⁴. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (26) Tá gealltanais tugtha ag na Ballstáit, trí Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a dhaingniú, agus ag an Aontas, tríd a thabhairt i gcrích⁵, chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Coinbhinsiún sin lena n-áirítear Airteagal 29 maidir le Rannpháirtíocht sa saol polaitiúil agus poiblí. Chun tacú le rannpháirtíocht chuimsitheach agus chomhionann daoine faoi mhíchumas i dtoghcháin, ba cheart aird chuí a bheith ag na socruithe le haghaidh saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad chun a gcearta chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir a fheidhmiú sa Bhallstát sin i dtoghcháin bhargasacha ar riachtanais na saoránach faoi mhíchumas agus na saoránach níos sine.
- (27) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶ agus ag Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷ maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus an Treoir seo á cur chun feidhme.

³ Treoir 93/109/CE ón gComhairle³ an 6 Nollaig 1993 lena leagtar síos socruithe mionsonraithe maidir le feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa do shaoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (athmhúnlú).

⁴ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

⁵ Cinneadh 2010/48/CE ón gComhairle an 26 Samhain 2009 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt i gcrích Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (IO L 23, 27.1.2010, lch. 35).

⁶ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

- (28) Urramaítear leis an Treoir seo na cearta bunúsacha agus na prionsabail bhunúsacha a aithnítear, go háirithe, sa Chairt, go háirithe Airteagal 21 agus 40 di. Dá réir sin, tá sé rithábhachtach go gcuirfean an Treoir seo chun feidhme i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin trína áirithiú go n-urramófar ina n-iomláine, inter alia, an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint, an ceart chun neamh-idirdhealú, an ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhargasacha, an tsaoirse gluaiseachta agus cónaithe agus an ceart chun leigheas éifeachtach.
- (29) Ba cheart an oibleagáid an Treoir seo a thrasú sa dlí náisiúnta a theorannú do na forálacha sin ar leasú substainteach iad i gcomparáid leis na Treoracha a bhí ann roimhe seo. Is ann don oibleagáid na forálacha nach bhfuil athraithe a thrasú mar thoradh ar na Treoracha a bhí ann roimhe seo.
- (30) Ba cheart nár dhochar an Treoir seo d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun na Treoracha a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn IV a thrasú sa dlí náisiúnta,

↓ 94/80/CE (oiriúnaithe)

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

☒ *Ábhar agus raon feidhme* ☒

1. Leagtar síos leis an Treoir seo na socruithe mionsonraithe ina bhféadfaidh saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad a gcearta chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir a fheidhmiú sa Bhallstát sin i dtoghcháin bhargasacha.
2. Ní dhéanfaidh aon ní sa Treoir seo difear do na forálacha ó gach Ballstát a bhaineann leis an gceart chun vótáil nó chun seasamh mar iarrthóir atá ag náisiúnaigh a bhfuil cónaí orthu lasmuigh dá chríoch nó ag náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí orthu sa Bhallstát sin.

Airteagal 2

☒ *Sainmhínte* ☒

1. Chun críocha na Treorach seo, ☒ tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas ☒ :
 - (a) ciallaíonn ‘bunaonad rialtais áitiúil’ na heintitis riaracháin a liostaítear ~~san~~ ☒ in ☒ Iarscríbhinn I ina bhfuil, i gcomhréir le dlíthe na mBallstát go léir, comhlachtaí a toghadh trí vótáil chomhchoiteann dhíreach agus a bhfuil de

⁷ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lgh. 39–98).

chumhacht acu, ag bunleibhéal an eagrúcháin pholaitiúil agus riaracháin, gnóthaí áitiúla áirithe a riar ar a gcúram féin;

(b) ciallaíonn ‘toghcháin bhargasacha’ toghcháin trí vótáil chomhchoiteann dhíreach chun baill na comhairle ionadaíochta a cheapadh agus, i gcás inár iomchuí, faoi dhlíthe gach Ballstáit, chun ceann agus baill fheidhmeannas an bhunaoid rialtais áitiúil a cheapadh;

(c) Ciallaíonn ‘Ballstát cónaithe’ Ballstát ina bhfuil cónaí ar shaoránach den Aontas ach nach náisiúnach dá chuid an saoránach den Aontas ;

(d) ciallaíonn ‘Ballstát baile’ an Ballstát ar náisiúnach dá chuid saoránach den Aontas;

(e) ciallaíonn ‘rolla na dtoghthóirí’ clár oifigiúil na vótálaithe ar fad atá i dteideal vóta a chaitheamh i mbunaonad rialtais áitiúil áirithe nó i gceann dá fhoranna, clár arna tharraingt suas agus arna choinneáil cothrom le dáta ag an údarás inniúil faoi dhlí toghcháin an Bhallstáit cónaithe, nó an clár daonra má léirítear incháilitheacht chun vótáil ann;

(f) ciallaíonn ‘dáta tagartha’ an lá nó na laethanta nach mór do shaoránaigh den Aontas, faoi dhlí an Bhallstáit cónaithe, na ceanglais maidir le vótáil nó seasamh mar iarrthóir sa Bhallstát sin a chomhlíonadh;

(g) ciallaíonn ‘dearbhú foirmiúil’ dearbhú ón duine lena mbaineann, lena mbeadh an duine sin faoi dhliteanas pionós i gcás míchruinnis ann, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme.

2. Tabharfaidh Ballstát fógra don Choimisiún má chuirtear aonad eile in ionad aon bhun aonaid rialtais áitiúil dá dtagraítear san Iarscríbhinn I , de bhua athrú ar a dhlí náisiúnta, a bhfuil na feidhmeanna dá dtagraítear i mír 1 (a) den Airteagal seo aige nó, de bhua an athraithe sin, má chuirtear deireadh leis an aonad sin nó má chruthaítear aonaid eile den sórt sin.

↓ nua

Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 16, maidir leis an leasú ar Iarscríbhinn I i gcomhréir leis na fógraí a fhaightear de bhun an chéad fhomhír den mhír seo.

↓ 94/80/CE (oiriúnaithe)

⇒ nua

~~Laistigh de thrí mhí tar éis an fógra sin a fháil, i dteannta dearbhú ó Bhallstát nach ndéanfar dochar do chearta aon duine faoin Treoir seo, déanfaidh an Coimisiún an Iarscríbhinn a oiriúnú trí théacs a ionadú, a seriosadh nó cur leis go hiomchuí. Foilseofar an Iarscríbhinn athbheithnithe san Irish Oifigiúil.~~

Airteagal 3

Coinníollacha lena rialaítear an ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir

~~Maidir le haon duine ar an dáta tagartha:~~ Beidh an ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhargasacha sa Bhallstát cónaithe ag na daoine seo a leanas:

(a) ~~☒~~ an duine ar ~~☒~~ saoránach de chuid Aontas é ~~☒~~ ar an dáta tagartha ~~☒~~ de réir bhrí an dara fómhír d'Airteagal ~~☒~~ ~~☒~~ 20 ~~☒~~ (1) ~~den Chonradh~~ ~~☒~~ CFAE ~~☒~~ ; agus

(b) ~~☒~~ an duine ~~☒~~ nach náisiúnach de chuid an Bhallstáit chónaithe é ~~☒~~ ar an dáta tagartha ~~☒~~, ach a shásaíonn na coinníollacha céanna i leith an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i ngach cás de réir mar a chuireann an Ballstát an dlí i bhfeidhm maidir lena náisiúnaigh féin~~☒~~.

~~beidh an ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhargasacha sa Bhallstát cónaithe aige i gcomhréir leis an Treoir seo.~~

Airteagal 4

☒ Ceanglais maidir le tréimhse chónaithe ☒

1. Más rud é, chun vótáil nó chun seasamh mar iarrthóirí, nach mór do náisiúnaigh an Bhallstáit cónaithe íostréimhse áirithe a bheith caite acu mar chónaitheoir i gcóir an Bhallstáit sin, measfar an coinníoll sin a bheith comhlíonta ag vótálaithe agus daoine atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí ~~☒~~ de bhun ~~☒~~ ~~faoi raon feidhme~~ Airteagal 3 má bhí cónaí orthu i mBallstáit eile ar feadh tréimhse choibhéseach.

2. Más rud é, faoi dhlíthe an Bhallstáit chónaithe, nach bhféadfaidh a náisiúnaigh féin vótáil nó seasamh mar iarrthóirí ach sa bhunaonad rialtais áitiúil ina bhfuil a bpríomhát chónaithe, beidh vótálaithe agus daoine atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí ~~☒~~ de bhun ~~☒~~ ~~faoi raon feidhme~~ Airteagal 3 faoi réir an choinnill sin freisin.

3. Ní dhéanfaidh mír 1 difear d'fhorálacha gach Ballstáit faoina bhfuil feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i mbunaonad rialtais áitiúil áirithe ~~ag aon duine~~ faoi réir íostréimhse a bheith caite aige mar chónaitheoir ~~☒~~ chónaithe ~~☒~~ san aonad sin.

Ní dhéanfaidh mír 1 difear ach oiread d'aon fhoráil náisiúnta a bheidh i bhfeidhm cheana féin an dáta a ghlacfar an Treoir seo, faoina bhfuil feidhmiú an chirt sin chun vótáil nó chun seasamh mar iarrthóir ag ~~aon duine~~ ~~☒~~ daoine ~~☒~~ faoi réir íostréimhse a bheith caite ~~aige~~ ~~☒~~ acu ~~☒~~ i gcomhchuid den Bhallstát a bhfuil an bunaonad rialtais áitiúil mar chuid de.

Airteagal 5

☒ Neamh-incháilitheacht ☒

1. Is féidir le haon Bhallstát cónaithe foráil a dhéanamh go gcuirfear cosc ar ~~aon saoránach~~ ~~☒~~ shaoránaigh ~~☒~~ de chuid an Aontais ar baineadh a ~~cheart~~ ~~☒~~ gceart ~~☒~~ ~~de~~ ~~☒~~ díobh ~~☒~~, de thoradh cinneadh aonair faoin dlí sibhialta nó cinneadh dlí choiriúil, seasamh mar iarrthóir faoi dhlí a ~~Bhallstáit~~ ~~☒~~ mBallstáit ~~☒~~ bhaile, an ceart sin a fheidhmiú i dtoghcháin bhargasacha.

2. Féadfar a dhearbhu go bhfuil iarratas ó aon saoránach den Aontas maidir le seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhargasacha sa Bhallstát cónaithe neamh-inghlactha i gcás nach bhfuil an saoránach sin in ann an dearbhú dá dtagraítear in Airteagal 9 (2) ~~☒~~ pointe ~~☒~~ (a) ná an fianú dá dtagraítear in Airteagal 9 (2) ~~☒~~ pointe ~~☒~~ (b) a sholáthar.

3. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach bhféadfaidh ach a náisiúnaigh féin oifig an chinn, an ionadaí nó an bhaill thofa ar choláiste rialaithe fheidhmeannas an bhunaoid

rialtais áitiúil a shealbhú má thoghtar an duine chun oifige ar feadh thréimhse a ~~sainordaithe~~ sainordaithe .

Féadfaidh na Ballstáit a leagan síos freisin nach bhféadfaidh ach a náisiúnaigh féin feidhmeanna an chinn, an ionadaí nó an bhaill ar choláiste rialaithe fheidhmeannas an bhunaoid rialtais áitiúil a chur i gcrích.

Ag féachaint don Chonradh agus do phrionsabail dhlíthiúla ghinearálta, féadfaidh na Ballstáit bearta iomchuí, riachtanacha agus comhréireacha a dhéanamh chun a áirithiú nach féidir ach lena náisiúnaigh féin na hoifigí dá dtagraítear sa chéad fhomhír a shealbhú agus na feidhmeanna eatramhacha dá dtagraítear sa dara fhomhír a chur i gcrích.

4. Féadfaidh na Ballstáit ~~a ordú~~ foráil a dhéanamh freisin nach bhféadfaidh saoránaigh den Aontas arna dtoghadh mar bhaill ar chomhairle ionadaíoch a bheith rannpháirteach in ainmniú na dtoscairí ar féidir leo vótáil i dtionól parlaiminteach ná i dtoghadh bhaill an tionóil sin.

Airteagal 6

Neamh-chomhoiriúnacht

1. Beidh daoine atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí ~~faoi raon feidhme~~ de bhun Airteagal 3 faoi réir na gcoinníollacha céanna a bhaineann le neamhréireacht agus a bhaineann, faoi dhlíthe an Bhallstáit chónaithe, le náisiúnaigh an Bhallstáit sin.

2. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go bhfuil sé neamhréireach a bheith in oifig bhordasach thofa sa Bhallstát cónaithe agus a bheith in oifigí eile i mBallstáit eile atá coibhéiseach leo siúd a bhfuil neamhréireacht sa Bhallstát cónaithe mar thoradh orthu.

CAIBIDIL II

FEIDHMIÚ AN CHIRT CHUN VÓTÁIL AGUS CHUN SEASAMH MAR IARRTHÓIR

Airteagal 7

An tsaoirse chun vótáil sa Bhallstát cónaithe

1. Feidhmeoidh ~~vótálaí~~ vótálaithe a chomhlíonfaidh coinníollacha ~~faoi raon feidhme~~ Airteagal 3 a ~~cheart~~ gceart chun vótáil i dtoghcháin bhordasacha sa Bhallstát cónaithe má chuir ~~sé~~ siad in iúl gur mian ~~leis~~ leo é sin a dhéanamh.

2. Má tá an vótáil éigeantach sa Bhallstát cónaithe, beidh d'oibleagáid ar vótálaithe de bhun ~~faoi raon feidhme~~ Airteagal 3 atá ar rolla na dtoghthóirí vóta a chaitheamh.

3. Féadfaidh na Ballstáit nach bhfuil an vótáil éigeantach iontu foráil a dhéanamh maidir le clárú uathoibríoch vótálaithe ~~faoi raon feidhme~~ de bhun Airteagal 3 ar rolla na dtoghthóirí.

Airteagal 8

Daoine a chur le rolla na dtoghthóirí agus a bhaint de

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun gur féidir vótálaí de bhun ~~faoi raon feidhme~~ Airteagal 3 a chur ar rolla na dtoghthóirí in am agus i dtráth roimh lá na vótála.

2. Chun go gcuirfear a ~~ainm~~ n-ainm ar rolla na dtoghthóirí, soláthróidh ~~vótálaí~~ vótálaithe de bhun ~~faoi raon feidhme~~ Airteagal 3 na doiciméid chéanna a sholáthróidh ~~vótálaí~~ vótálaithe ar náisiúnach ~~é~~ iad .

Féadfaidh an Ballstát cónaithe a cheangal ar vótálaí de bhun ~~faoi raon feidhme~~ Airteagal 3 doiciméad bailí aitheantais a sholáthar, chomh maith le dearbhú foirmiúil ~~lena léirítear a náisiúntacht, agus a sheoladh sa Bhallstát cónaithe~~ arna tharraingt suas i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn II .

3. Fanfaidh vótálaithe de bhun ~~faoi raon feidhme~~ Airteagal 3 a cuireadh ar rolla na dtoghthóirí sa Bhallstát cónaithe ar an rolla sin, faoi na coinníollacha céanna le vótálaithe ar náisiúnaigh iad, go dtí cibé tráth a bhainfear iad de ~~go huathoibríoch~~ mar ní chomhlíonann siad na ceanglais maidir le feidhmiú an chirt chun vótáil. I gcás ina ndéanann na Ballstáit foráil maidir le fógra a thabhairt do náisiúnaigh gur baineadh iad de rolla na dtoghthóirí, beidh an fheidhm chéanna ag na forálacha sin maidir le vótálaithe de bhun Airteagal 3.

Féadfar vótálaithe a cuireadh ar rolla na dtoghthóirí arna iarraidh sin dóibh a bhaint de freisin má iarrann siad amhlaidh.

Má bhogann na vótálaithe sin go dtí bunaonad rialtais áitiúil eile sa Bhallstát céanna, cuirfear iad ar rolla na dtoghthóirí san aonad sin faoi na coinníollacha céanna le vótálaithe ar náisiúnaigh iad.

nua

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 maidir leis an leasú ar fhoirm agus inneachar an teimpléid don dearbhú foirmiúil dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo.

5. Gan dochar do rialacha aon Bhallstáit maidir leis an gceart chun vótáil nó chun seasamh mar iarrthóir atá ag náisiúnaigh a bhfuil cónaí orthu lasmuigh dá chríoch, ní bheidh de thoradh ar vótálaithe de bhun Airteagal 3 a cuireadh ar rolla na dtoghthóirí ina mBallstát cónaithe go mbainfear iad de rolla na dtoghthóirí sa Bhallstát baile.

94/80/CE (oiriúnaithe)

nua

Airteagal 9

Clárú mar iarrthóir

1. Nuair a chuireann ~~duine~~ daoine atá i dteideal seasamh mar ~~iarrthóir~~ iarrthóirí ~~faoi raon feidhme~~ de bhun Airteagal 3 ~~a~~ iarratas isteach chun seasamh mar iarrthóir, soláthróidh ~~sé~~ siad na doiciméid chéanna a sholáthróidh iarrthóir ar náisiúnach é. Féadfaidh an Ballstát cónaithe a cheangal ~~air~~ ar na daoine lena mbaineann dearbhú foirmiúil a sholáthar ~~lena léirítear a náisiúntacht, agus a sheoladh sa Bhallstát cónaithe~~ arna tharraingt suas i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn II .

2. Féadfaidh an Ballstát cónaithe a cheangal ar ~~duine~~ dhaoine atá i dteideal seasamh mar iarrthóir ~~faoi raon feidhme~~ de bhun Airteagal 3 an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) a lua sa dearbhú foirmiúil a sholáthróidh ~~se~~ siad i gcomhréir le mír 1 nuair a chuirfidh ~~se a iarratas~~ siad a n-iarratas isteach chun seasamh mar ~~iarrthóir~~ iarrthóirí nár baineadh an ceart ~~de~~ díobh chun seasamh mar iarrthóir ina ~~Bhallstát~~ mBallstát baile;

(b) i gcás ina mbeidh amhras maidir le hinneachar an dearbhaithe de bhun pointe (a), ~~nó i gcás ina gceanglaítear é faoi fhorálacha dlíthiúla Ballstáit~~ fianú a sholáthar ó na húdaráis riaracháin inniúla ina ~~Bhallstát~~ mBallstát baile roimh an toghchán nó ina dhiaidh lena ndeimhnítear nár baineadh an ceart ~~de~~ chun seasamh mar iarrthóir sa Stát sin díobh nó nach bhfuil aon dícháiliú den sórt sin ar eolas ag na húdaráis sin;

(c) doiciméad bailí aitheantais a sholáthar;

(d) a lua sa dearbhú foirmiúil a sholáthróidh ~~se~~ siad i gcomhréir le mír 1 nach bhfuil aon oifig ~~aige~~ acu a bheadh neamhréireach de réir bhrí Airteagal 6 (2);

(e) an seoladh deireanach a bhí ~~aige~~ acu ina ~~Bhallstát~~ mBallstát baile a léiriú, a mhéid go raibh ceann ~~aige~~ acu .

↓ nua

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 maidir leis an leasú ar fhoirm agus inneachar an teimpléid don dearbhú foirmiúil dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Airteagal 10

Bealaí sonracha vótála

Ballstáit a dhéanann foráil maidir le féidearthachtaí na réamhvótála, na vótála poist agus na vótála leictreonaí agus idirlín, i dtoghcháin bhargasacha, áireoidh na Ballstáit sin go mbeidh na modhanna vótála sin ar fáil faoi na coinníollacha céanna do vótálaithe de bhun Airteagal 3.

↓ 94/80/CE (oiriúnaithe)

⇒ nua

Airteagal 11 ~~10~~

☒ Cinneadh maidir le clárú agus leigheasanna dlí ☒

1. Cuirfidh an Ballstát cónaithe ~~an duine~~ na daoine lena mbaineann ar an eolas ⇒ in am trátha agus i dteanga ghlan shoiléir ⇐ faoin ~~ngníomhaíocht~~ gcinneadh a glacadh maidir lena ~~iarratas~~ n-iarratas go gcuirfí ar rolla na dtoghthóirí ~~é~~ iad nó faoin gcinneadh i leith inghlacthacht a ~~iarratais~~ n-iarratais maidir le seasamh mar iarrthóir.

2. Mura gcuirtear ~~duine~~ saoránaigh den Aontas ar rolla na dtoghthóirí nó má dhiúltaítear dá ~~foirm~~ bhfoirm iarratais nó má dhiúltaítear dá ~~iarratas~~ n-iarratas chun seasamh mar iarrthóir, beidh an duine lena mbaineann i dteideal leigheasanna dlí a fháil faoi théarmaí a bheidh comhchosúil lena bhforordaítear le dlíthe an

Bhallstáit chónaithe do vótálaithe agus do dhaoine atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí ar náisiúnaigh dá chuid iad.

↓ nua

3. I gcás earráidí i rolla na dtoghthóirí nó i liosta na n-iarrthóirí do thoghcháin bhargasacha, beidh an duine lena mbaineann i dteideal cearta in-fhorfheidhmithe ar théarmaí a bheidh comhchosúil lena bhforordaítear i ndlíthe an Bhallstáit chónaithe do vótálaithe agus do dhaoine i atá dteideal seasamh mar iarrthóirí ar náisiúnaigh dá chuid iad.

↓ 94/80/CE (oiriúnaithe)

Airteagal 12 ~~11~~

✉ *Faisnéis a sholáthar* ✉

↓ nua

1. Ainmneoidh na Ballstáit údarás náisiúnta a bheidh freagrach as na bearta is gá a ghlacadh chun a áirithiú go gcuirtear saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad ar an eolas go tráthúil faoi na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe chun clárú mar vótálaí nó iarrthóir i dtoghcháin bhargasacha.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh an t-údarás ainmnithe de bhun mhír 1 an fhaisnéis seo a leanas in iúl go díreach agus ar bhonn aonair do vótálaithe agus do dhaoine atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí de bhun Airteagal 3:

- (a) stádas a gcláraithe,
- (b) dáta an toghcháin agus conas vótáil agus cén áit, ach a mbeidh an fhaisnéis sin ar fáil,
- (c) conas tuilleadh faisnéise a fháil maidir le heagrú an toghcháin lena n-áirítear liosta na n-iarrthóirí.

3. An fhaisnéis maidir leis na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe chun clárú mar vótálaí nó iarrthóir i dtoghcháin bhargasacha agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2, cuirfear ar fáil í i dteanga ghlan shoiléir.

An fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cuirfear in iúl í i gceann amháin nó níos mó de theangacha oifigiúla an Bhallstáit óstaigh, agus chomh maith leis sin beidh aistriúchán ag gabháil leis i gceann amháin eile de theangacha oifigiúla an Aontais ar a laghad a bhfuil tuiscint éigin ag an líon is mó saoránach den Aontas a bhfuil cónaí orthu ar a chríoch is féidir uirthi, i gcomhréir leis na ceanglais cháilíochta in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸.

⁸ Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lgh. 1–38).

4. Áiríteoidh na Ballstáit go gcuirfeadh faisnéis maidir leis na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe chun clárú mar vótálaithe nó iarrthóir i dtoghcháin bardasacha agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta trí bhealaí, modhanna agus formáidí cumarsáide iomchuí a úsáid.

↓ 94/80/CE (oiriúnaithe)

⇒ nua

~~Déanfaidh an Ballstát cónaithe vótálaithe agus daoine atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí faoi raon feidhme Airteagal 3 a chur ar an eolas in am trátha agus ar bhealach iomchuí faoi na coinníollacha agus na socruithe mionsonraithe maidir le feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin sa Bhallstát sin.~~

CAIBIDIL III

MAOLUITHE AGUS BEARTA IDIRTHRÉIMHSEACHA

Airteagal 13 ~~12~~

☒ Maoluithe ☒

1. Más rud é ~~an 1 Eanáir 1993~~, go dtéann an cion de shaoránaigh den Aontas i mBallstát ar leith in aois vótála a bhfuil cónaí orthu ann ach nach náisiúnaigh dá chuid iad thar 20 % den líon iomlán de shaoránaigh den Aontas ☒ idir náisiúnaigh agus neamhnáisiúnaigh ☒ in aois vótála a bhfuil cónaí orthu ann, féadfaidh an Ballstát, de mhaolú ar an Treoir seo:

(a) srian a chur ar an gceart chun vótáil do vótálaithe ~~faoi raon feidhme~~ ☒ de bhun ☒ Airteagal 3 a bhfuil cónaí orthu sa Bhallstát sin ar feadh íostréimhse, tréimhse nach bhféadfaidh bheith níos faide ná an téarma dá bhfuil comhairle ionadaíoch na bardasachta tofa;

(b) srian a chur ar an gceart chun seasamh mar iarrthóir do dhaoine atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí ~~faoi raon feidhme~~ ☒ de bhun ☒ Airteagal 3 a bhfuil cónaí orthu sa Bhallstát sin ar feadh íostréimhse, tréimhse nach bhféadfaidh bheith níos faide ná dhá uair an téarma dá bhfuil comhairle ionadaíoch na bardasachta tofa; agus

(c) bearta iomchuí a dhéanamh maidir le comhdhéanamh liostaí na n-iarrthóirí chun lánpháirtíocht saoránaigh den Aontas a spreagadh go háirithe ar náisiúnaigh de Bhallstát eile iad.

2. Féadfaidh Ríocht na Beilge, de mhaolú ar fhorálacha na Treorach seo, forálacha mhír 1 ☒ pointe ☒ (a) a chur i bhfeidhm i leith líon teoranta aonaid rialtais áitiúil; cuirfidh sí an liosta díobh sin ar fáil bliain amháin ar a laghad roimh thoghcháin na n-aonad rialtais áitiúil a bhfuil sé ar intinn aici an maolú a agairt ina leith.

3. Más rud é ~~an 1 Eanáir 1996~~, go bhforordaítear le dlíthe Ballstáit go bhfuil an ceart chun vótáil le haghaidh pharlaimint náisiúnta an Stáit sin ag náisiúnaigh de Bhallstát eile a bhfuil cónaí orthu ann agus, chun na críche sin, go bhféadfar iad a chur ar rolla toghthóirí an Stáit sin faoi na coinníollacha céanna le vótálaithe náisiúnta, féadfaidh an chéad Bhallstát, de

mhaolú ar an Treoir seo, staonadh ó Airteagal 6 go hAirteagal 11 a chur i bhfeidhm i leith na ndaoine sin.

4. ~~Faoin 31 Nollaig 1998 agus~~ ~~Gach~~ 6 bliana ~~ina dhiaidh sin,~~ ⇒ tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo ⇐ cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle lena ndéanfar seiceáil an bhfuil gá fós leis an maolú a deonaíodh do na Ballstáit lena mbaineann de bhun Airteagal ~~8b~~ 22 (1) ~~den Chonradh~~ CFAE agus molfaidh sé aon choigeartuithe is gá. Tabharfaidh na Ballstáit a agróidh maoluithe faoi mhír 1 agus faoi mhír 2 gach faisnéis chúlra is gá don Choimisiún.

CAIBIDIL IV

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 14 ~~13~~

⊠ *Tuairisciú* ⊠

↓ nua

1. Laistigh de 3 bliana ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo ina gcríoch, lena n-áirítear cur i bhfeidhm Airteagal 5(3) agus (4). Sa tuarascáil sin beidh sonraí staidrimh maidir le rannpháirtíocht vótálaithe agus iarrthóirí de bhun Airteagal 3 i dtoghcháin bardasacha chomh maith le hachóimre de na bearta a ghlactar ina leith sin.

↓ 94/80/CE (oiriúnaithe)

⇒ nua

⇒ 2. Laistigh de 5 bliana ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, ⇐ ~~C~~ cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo, lena n-áirítear aon athruithe ar na toghthóirí a tharla tar éis a teacht i bhfeidhm, laistigh de bhliain amháin tar éis réachtáil na dtoghcháin bardasach sna Ballstáit go léir arna n-cagrú ar bhonn na bhforálacha thuasluaite, agus, i gcás inár iomchuí, molfaidh sé coigeartuithe iomchuí ⇒ lena n-áirítear ar bhonn na faisnéise a sholáthraíonn na Ballstáit de bhun mhír 1 den Airteagal seo. ⇐.

↓ nua

Airteagal 15

Meastóireacht

Laistigh de 2 bhliain tar éis toghcháin 2029 do Pharlaimint na hEorpa, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chur i bhfeidhm na Treorach seo agus cuirfidh sé tuarascáil mheastóireachta ar fáil maidir leis an dul chun cinn i dtreo na cuspóirí atá ann a bhaint amach.

Airteagal 16

An tarmligean a fheidhmiú

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 2, 8 agus 9 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo.
3. Féadfaidh an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 2, 8 agus 9 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016.
5. A luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe, tabharfaidh sé fógra faoi go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 2, 8 agus 9 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

↓ 94/80/CE (oiriúnaithe)
⇒ nua

Airteagal 17 ~~14~~

⊗ Trasuí ⊗

1. Tabharfaidh na Ballstáit i bhfeidhm na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun ~~an Treoir seo~~ ⇒ Airteagail 8(2), (3) agus (5), 9(1), 10, 11(1) agus (3), 12, 14 agus Iarscríbhinní I, II agus III a chomhlíonadh faoin 31 Nollaig 2023 ⇐ ~~roimh an 1 Eanáir 1996~~. Cuirfidh siad ⊗ téacs na bhforálacha sin ⊗ in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit ⊗ na bearta ⊗ ~~forálacha~~ sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. ⊗ Aireofar iontu freisin ráiteas go ndéanfar tagairtí don Treoir a aisghairtear leis an Treoir seo i bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin atá ann cheana a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo. ⊗ Is iad na Ballstáit a ~~leagfaidh síos an nós imeachta maidir le tagairt den sórt sin a dhéanamh~~ ⊗ chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh agus conas a dhéanfar an ráiteas sin a leagan amach ⊗.

⊗ 2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhforálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún. ⊗

~~☒~~ *Airteagal 18* ~~☒~~

~~☒~~ *Aisghairm* ~~☒~~

~~☒~~ Aisghairtear Treoir 94/80/CE, arna leasú leis na gníomhartha a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IV, le héifeacht ón 31 Nollaig 2023, gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun na Treoracha a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn IV a thrasú sa dlí náisiúnta. ~~☒~~

~~☒~~ Déanfar tagairtí don Treoir aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comghaoil atá in Iarscríbhinn V. ~~☒~~

Airteagal 19 ~~15~~

~~☒~~ *Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm* ~~☒~~

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an ~~20^ú~~ ~~☒~~ fichiú ~~☒~~ lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil ~~na gComhphobal Eorpach~~* ~~☒~~ *an Aontais Eorpaigh* ~~☒~~.

~~☒~~ Beidh feidhm ag Airteagail 1 go 7, 8(1), 11(2) agus 13 ón 31 Nollaig 2023. ~~☒~~

Airteagal 20 ~~16~~

~~☒~~ *Seolaithe* ~~☒~~

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*